Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

---

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

| |
|---|
| NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR. |

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Déan staidéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis de Dhún Garbhán agus ar an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn Choilligeáin (Colligan River)
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i nDún Garbhán
- Príomhbhóthar Náisiúnta an N25
- Séadchomhartha **AMHÁIN**.

[10]

**B.** Cuirtear cineálacha éagsúla seirbhísí ar fáil i mbaile Dhún Garbhán.

Agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, ainmnigh **TRÍ** cinn de na seirbhísí seo agus luaigh an suíomh ina bhfuil siad.

[9]

**C.** Iarradh ort monarcha a thógáil ar Chnoc Buí (Knockboy) (**X 27 95**).

(i) Luaigh an cineál monarchan a thógfá **agus** déan cur síos ar **DHÁ** bhuntáiste don monarcha a bhaineann leis an suíomh seo.

(ii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** don monarcha a bhaineann leis an suíomh seo.

[11]

**Ceist 2.** **AERFÓTAGRAF**

Déan staidéar ar an aerfótagraf de Dhún Garbhán a thugtar leis an bpáipéar seo.

**NÓTA**: Cuimhnigh air gur fótagraf fiar é seo. Dá bhrí sin, ní mór duit na **téarmaí cearta** a úsáid, e.g. cúlra ar clé, tulra ar dheis, etc.

**A**. Tarraing sracléarscáil den limistéar ar fad a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Trá
- Droichead
- **DHÁ** shráid a bhuaileann le chéile
- Limistéar tithíochta.

[10]

**B.** Mínigh **DHÁ** chúis ar fhás an baile sa suíomh seo, agus bíodh tagairt don aerfótagraf agat i gcás gach cúis acu.

[8]

**C.** (i) Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, ainmnigh agus tabhair suíomh **DHÁ** rud a thaispeántar ar an aerfótagraf ar díol spéise do thurasóirí iad.

(ii) Mínigh cén fáth ar díol spéise do thurasóirí iad gach ceann de na rudaí a luaigh tú i gcuid (i) thuas.

[12]

**Ceist 3.** **TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

**A. Acmhainn Nádúrtha – Móin**




www.heartland.ie www.bordnamona.ie

Scrúdaigh na fótagraif thuas. Taispeánann siad céimeanna difriúla a bhaineann le baint agus iompar móna ó phortaigh.

(i) Déan cur síos ar an tslí ar chuir meaisíní difriúla (teicneolaíocht dhifriúil) leis an méid móna is féidir a bhaint agus a iompar ar shiúl ó phortaigh.

(ii) Ainmnigh úsáid **amháin** is féidir a bhaint as lagphortaigh tar éis an mhóin a bhaint agus a iompar ar shiúl, agus déan cur síos air.

[10]

**B. Turasóireacht**


(i) Ainmnigh tír nó réigiún **AMHÁIN** san Eoraip ina n-imríonn an aeráid tionchar mór ar an turasóireacht.

(ii) Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** chúis a bhfuil an turasóireacht tábhachtach sa cheantar a d'ainmnigh tú.

[10]

**Ceist 3.** **TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH (ar lean)**

**C.** **Tionsclaíocht agus Timpeallacht**




(i) Mínigh cúis **AMHÁIN** leis an mbáisteach aigéadach.

(ii) Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** a dtéann an bháisteach aigéadach i bhfeidhm ar an domhan.


(iii) Ainmnigh **DHÁ** shlí ar féidir le daoine báisteach aigéadach a chosc.

[10]

**Ceist 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna 4A, 4B, 4C, 4D.**

## 4A. Imirce




Taispeánann an graf seo líon na ndaoine a chuaigh ar imirce as Éirinn go dtí SAM, Canada agus an Astráil in 2008 agus 2012.
Scrúdaigh an graf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad duine a chuaigh ar imirce chun na hAstráile in 2012?

(ii) Ríomh an t-ardú a tháinig ar líon na ndaoine a chuaigh ar imirce go SAM idir 2008 agus 2012.

(iii) Déan cur síos ar chúis **AMHÁIN** leis an ardú a tháinig ar líon na n-eisimirceach a d'fhág Éire idir 2008 agus 2012.

(iv) Ainmnigh slí **AMHÁIN** a mbaineann rialtais úsáid as staitisticí faoin daonra.

[10]

## 4B. Fadhbanna Uirbeacha


(i) Ainmnigh cathair **AMHÁIN** sa **domhan i mbéal forbartha** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Déan cur síos ar **THRÍ** fhadhb a bhíonn ag daoine a mhaireann sa chathair sin.

[10]

**Ceist 4.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar lean)**

## 4C. Tomhas na hAimsire





(i) Ainmnigh **DHÁ** cheann ar bith de na gléasanna aimsire **A**, **B**, **C**, **D**, **E** a thaispeántar thuas.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint le réamhaisnéisí aimsire cruinne i gcás **DHÁ** cheann de na grúpaí a leanas:

*Iascairí* *Feirmeoirí* *Píolótaí Aerlínte* *Turasóirí.*

[10]

## 4D. Mná san Fhórsa Oibre




Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann na tosca (cúiseanna) a chuir le ról na mban san fhórsa oibre.

(i) Mínigh conas a chabhraigh **DHÁ** cheann ar bith de na tosca (cúiseanna) thuas le cur le ról na mban san fhórsa oibre.

(ii) Ainmnigh dúshlán **AMHÁIN** faoi ról na mban san fhórsa oibre.

[10]

**Ceist 5.** **TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**A.** **Creathanna Talún**

| | | |
|---|---|---|
| Fócas | Gluaiseacht Ilchríochach | |
| Scála Richter | Seismeagraf | Súnámaí |


(i) Mínigh **DHÁ** cheann ar bith de na téarmaí sa liosta sa bhosca thuas.

(ii) Ainmnigh áit **AMHÁIN** ar an domhan ina dtarlaíonn creathanna talún go minic.

(iii) Déan cur síos ar **DHÁ** shlí a dtéann crith talún i bhfeidhm ar chathair mhór.

[10]

**B.** **Síonchaitheamh**




Taispeántar tírdhreach aolchloiche sa léaráid thuas.

(i) Ainmnigh sampla **AMHÁIN** de thírdhreach aolchloiche in Éirinn.

(ii) Ainmnigh gné **AMHÁIN** a fhaightear *faoi thalamh* i gceantar aolchloiche agus mínigh conas a cruthaíodh í.

(iii) Ainmnigh gné *dhromchla* **AMHÁIN** a fhaightear i gceantar aolchloiche agus mínigh conas a cruthaíodh í.

[10]

**C.** **Creimeadh**

(i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** a bhíonn ann de thoradh creimeadh abhann **nó** oighearchreimeadh **nó** creimeadh cósta.

(ii) Mínigh, le cabhair léaráide, conas a cruthaíodh an ghné sin.

[10]